# dlr times

EARRACH 2022

FÉACH TAOBH ISTIGH:

**Scéim cíosa rothar ionchuimsitheacha saor in aisce**

**Príomhfheidhmeannach nua ceaptha**



# Ag amharc ar an t-am atá le teacht

Léigh faoin bPlean Oidhreachta nua de chuid dlr

dlr
Comhairle Contae County Council

EOLAS AGUS NUACHT Ó CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

# féach isteach


PLEAN OIDHREACHTA dlr ........................ 03

NUACHT dlr
Cur in aithne leis an tUasal Frank Curran ........... 04
Taisteal Gníomhach ........................................ 05

GNÓ & TURASÓIREACHT dlr
Caisleán Dheilginse ................................ 06
Bainistíochta FULL ................................ 06

EOLAS DON PHOBAL dlr
Uasghrádú RFF do Thithe Sóisialta ................ 07
Seachtain na mBan sa Spórt .......................... 07
Comhairle agus Leideanna maidir le
Sábháilteacht san Uisce ................................ 08

PRÓIFÍL FOIRNE dlr
Simon Coate ................................................ 08

NUACHT dlr
Rothair ionchuimsitheacha ar cíos saor ............. 09
BUAIGH: Ticéid chuig Féile Longitude ............... 09

IMEACHTAÍ EALAÍON AGUS LEABHARLANN dlr
Dreamer's Space ............................................ 10
Seachtain na Gaeilge ...................................... 10
Cad atá ar siúl in Aibreán? ............................. 11

DO CHOMHAIRLEOIRÍ dlr .................... 12



**Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin**

Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire. A96 K6C9
**TEILEAFÓN:** 01 205 4700
**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie

–

**Oifig Ceantair Áitiúil Dhún Droma**
Páirc Oifige Dhún Droma, An tSráid Mhór, Dún Droma, D14
Luan – Aoine 9:30am go 12:30pm agus 1:30pm go 4:30pm
**TEILEAFÓN:** 01 205 4880
**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie

dlrcoco.ie

dlrtourism.ie | events.dlrcoco.ie
libraries.dlrcoco.ie



Arna phriontáil in Éirinn ar pháipéir a fuarthas go hinbhuanaithe. Athchúrsáil i ndiaidh úsáide.

Arna dhearadh ag dlr


@dlrcc  dlrcoco.ie
DunLaoghaireRathdownCountyCouncil

Más mian leat **dlr times** a fháil ar an ríomhphost, déan teagmháil linn ar: **commsoffice@dlrcoco.ie**

Tá dlr times ar fáil as Gaeilge – **dlrcoco.ie/dlrtimes**



## Teachtaireacht ón gCathaoirleach

*Tá fáilte romhat go dtí an t-eagrán Earraigh seo den dlr Times. Agus an saol ag druidim ar ais i dtreo na normáltachta, leagann an t-eagrán seo béim ar roinnt tograí tábhachtacha atá ag tarlú timpeall an Chontae.*

*Laistigh, is féidir leat léamh faoinár bPlean Oidhreachta nua don Chontae a dhéanann imlíniú soiléir ar an gcreat atá ann a leagann síos an bealach a oibreoidh an Chomhairle chun ár n-oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a chur chun cinn timpeall an chontae. Tá nuacht ann freisin faoin Taisteal Gníomhach sa chontae agus faoin mbealach is féidir leat rothar a fháil ar cíos saor in aisce laistigh den mhol Soghluaisteachta.*

*Freisin tá nuacht faoin gclár maidir le fuinneamh iarfheistithe speisialaithe a thiocfaidh tithe níos teo agus níos compordaí as agus a chuirfidh le sláinte na ndaoine atá ina gcónaí iontu.*

*Ar deireadh, ceapadh Príomhfheidhmeannach nua, an tUasal Frank Curran, do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun fáilte mhór a chur roimhe chuig Dún Laoghaire-Ráth an Dúin agus táim ag súil go mór le bheith ag obair leis sna blianta amach romhainn.*

**CLLR. LETTIE McCARTHY**



## Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach, An tUasal Frank Curran

*Dia daoibh, is mise Frank Curran agus is mór an onóir é dom a bheith ceaptha mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tagaim isteach sa chontae le linn tréimhse iontach suimiúil don rialtas áitiúil in Éirinn.*

*Le dhá bhliain anuas, agus le go leor obair chrua, tá meas athnuaite ar an tionchar dearfach a imríonn i bhforbairt na gceantar áitiúil. Ag obair go dlúth le comhairleoirí tofa, leis an bpobal agus le mo chomhghleacaithe i bhfeidhmeannas na comhairle, tá sé i gceist agam leanúint ar aghaidh ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta cheana féin.*

*Ba mhaith liom deiseanna fáis a fhorbairt amach anseo i ngach réimse den chontae dúinn go léir, bíodh tú i do ghnólacht, i ngrúpa pobail nó spóirt nó i do shaoránach.*

*Táim ag súil go mór le forbairt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar an contae is forásaí, is cuimsithí agus is inrochtana sa stát.*

**FRANK CURRAN**

## Margaí na Comhairle Contae




**PÁIRC AN PHOBAIL & DLR LEXICON,** Dún Laoghaire
Domhnach 11am-4pm

**PÁIRC MHARLAÍ**
Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16

Satharn 10am-4pm agus Domhnach 11am-4pm

## UIMHREACHA TEILEAFÓIN ÉIGEANDÁLA

**Lasmuigh de Ghnáthuaireanta:** 01 677 8844
[i ndiaidh 5pm agus an deireadh seachtaine]
**Daoine gan Dídean:** 1800 724 724
[seirbhísí iar-ama]
**Uisce Éireann:** 1850 278 278
[24 uair an chloig]

## Páirceanna dlr

**PÁIRC NA CARRAIGE DUIBHE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC CHÁBÁN TSÍLE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. 8am go 7pm | Samh. – Ean. 8am go 5pm | Feabh. 8am go 6pm | Márta 8am go 7pm | Aib. 8am go 8pm | Beal. – Lun. 8am go 10.30pm

**PÁIRC NA BHFIANNA**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC AGUS GAIRDÍNÍ CHNOC NA RAITHNÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** 9am - 6pm

**PÁIRC CHILL BHEAGÓIGE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC CHNOC CHILL INÍON LÉINÍN**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC MHARLAÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 9am go 8pm | D. Fómh. 9am go 6pm | Samh. – Ean. 9am go 5pm
Feabh. – Márta 9am go 6pm | Aib. 9am go 9pm | Beal. – Lún. 9am go 10pm

**PÁIRC AN PHOBAIL**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Noll. – Márta 8am go 4.30pm
Aib. – Beal. 8am go 7.30pm | Meith. – M. Fómh. 8am go 8pm |
D. Fómh. – Samh. 8am go 7.30pm

**PÁIRC SHEANGÁNÁI**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

## Eolas faoi athchúrsáil

**PÁIRC ATHCHÚRSÁLA BHAILE UÍ ÓGÁIN**
Bóthar Bhaile Uí Ógáin
**TEILEAFÓN:** 01 291 3600
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Aoine 8.30am go 5.30pm, Sath. 9.30am go 5.30pm | Domh./Lá Saoire Bainc 10.30am go 5.30pm.
**DÚNTA:** Oíche Nollag – Lá Fhéile Stiofáin, Lá Caille, Domhnach Cásca.

**IONAD ATHCHÚRSÁLA PHÁIRC ÉIDIN**
Bóthar Chnoc an tSamhraidh, Glas Tuathail
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30am go 4pm
Aoine – Sath. 8.30am go 3.30pm.
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

**IONAD ATHCHÚRSÁLA SHEANGÁNAÍ**
Carrchlós na Reilige, Seanchill
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30am go 4pm
Aoine – Sath. 8.30am go 3.30pm.
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

## Leabharlanna dlr

**dlr LexIcon**
Ardán Haigh, Dún Laoghaire
**TEIL:** 01 280 1147
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 9.30am – 8pm
Aoine go Sath. 9.30am – 5pm | Domh. 12pm– 4pm

**AN CHARRAIG DHUBH**
Halla Baile na Carraige Duibhe, An tSráid Mhór
**TEIL:** 01 288 8117
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar. 1.15pm – 8pm

**CÁBÁN TSÍLE***
Seanbhóthar Bhré, Cábán tSíle
**TEIL:** 01 285 5363
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine* agus Sath.* 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar. 2pm – 8pm

**DEILGINIS**
Sráid an Chaisleáin, Deilginis
**TEIL:** 01 285 5317
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar. 1.15pm – 8pm

**GRÁINSEACH AN DÉIN**
Céide Chluain Caoin, Gráinseach an Déin
**TEIL:** 01 285 0860
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan 10am – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm | Aoine agus Sath. 10am – 5pm. Níl an mód 'Mo Leabharlann Oscailte' ag feidhmiú faoi láthair.

**DÚN DROMA**
Bóthar Bhaile an Teampaill Uachtarach, Dún Droma
**TEIL:** 01 298 5000
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Aoine agus Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm

**SEANCHILL***
Bóthar na Leabharlainne, Seanchill
**TEIL:** 01 282 3081
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine* agus Sath.* 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar. 2pm – 8pm


**STIGH LORGAN**
Aonad J (An chéad urlár), Lárionad Siopadóireachta Stigh Lorgan
**TEIL:** 01 288 9655
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Máirt agus Céadaoin 10am - 5pm | Déardaoin 10am - 8pm | Aoine agus Satharn 10am - 1pm agus 2pm - 5pm


* Bíonn na leabharlanna a bhfuil réiltín in aice leo ar oscailt ar an Aoine nó ar an Satharn - déan teagmháil leo chun sonraí breise a fháil.

- Bíonn gach leabharlann dúnta ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar an Luan más deireadh seachtaine saoire bainc atá ann.



Leagann Plean Oidhreachta nua dlr amach Ár bhFís agus Ár 7 réimse fócais chun nascanna a spreagadh leis an oidhreacht áitiúil, chun caomhnú a dhéanamh ar na rudaí a theastaíonn uainn a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht a dhéanann daoine le háiteanna éagsúla trí na blianta.




# An t-am atá caite a thabhairt isteach sa todhchaí

Tháinig an plean chun cinn ó rannpháirtíocht sé mhí agus próiseas comhchruthaitheach le go leor daoine le suim san oidhreacht timpeall an chontae ag glacadh páirt inti. Bhí sé seo faoi stiúir Fhóraim Oidhreachta an Chontae. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le gach duine a thug a gcuid ama, smaointe agus comhairle dúinn ag na ceardlanna ar líne agus a chuir aighneachtaí ar líne agus scríofa faoinár mbráid i rith na bliana 2021.

Leagann An Plean Oidhreachta amach create soiléir faoin mbealach a dhéanfaimid an tuiscint ar oidhreacht éagsúil, iontach ár gcontae a chur chun cinn, a chaomhnú agus a mhéadú. Spreagann an plean dul i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail agus eagraíochtaí a bhfuil suim acu san oidhreacht agus cuirfidh sé ar chumas na Comhairle tionscail agus tograí nua a chruthú agus a chur chun cinn.

Sna 5 bliana atá romhainn, beidh Plean Oidhreachta an Chontae ina dhoiciméid beo solúbtha a dhéanfar a uasdátú míniú a thabhairt ar dheiseanna a thiocfaidh aníos agus forbairt chruthaitheach tionscadail. Cuirimid fáilte mhór romhat páirt a ghlacadh ar chur i bhfeidhm an phlean agus chun do léargais ar an oidhreacht a roinnt linn.

Chun tuilleadh eolas a fháil is féidir breathnú ar na gníomhaíochtaí pleanáilte agus a dtorthaí ar líne anseo: dlrcoco.ie/heritage

Déan teagmháil le do thoil le hOifigeach Oidhreachta dlr, Deirdre Black ag dblack@dlrcoco.ie má theastaíonn uait cóip chrua a fháil den phlean.

Tagann gníomhaíochtaí an Phlean Oidhreachta nua go maith leis na gníomhaíochtaí i bPleananna Gníomhaíochta um Athrú Aeráide agus Bithéagsúlacht.

Tugann an creat nua náisiúnta Oidhreacht Éireann 2030 bonn láidir do chur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí áitiúla inár bPlean Oidhreachta.

**#inspireconnections**

**@dlrheritage**

*Is éard is Oidhreacht Chultúrtha ann ná gach gné den timpeallacht atá ann mar thoradh ar an idirghníomhaíocht idir daoine agus áiteanna le himeacht ama. Áirítear léi oidhreacht inláimhsithe (fisiciúil), amhail foirgnimh, seandálaíocht, cáipéisí agus struchtúir, chomh maith le hoidhreacht dholáimhsithe, amhail ceol, teanga, ceardaíocht agus spórt. Is éard is Oidhreacht Nádúrtha ann ná tírdhreach, muirdhreach agus páirceanna stairiúla, chomh maith le foirmíochtaí fisiciúla, bitheolaíocha agus geolaíocha."*

# Cur in aithne leis an tUasal Frank Curran, Príomhfheidhmeannach

### Poist roimhe seo/Taithí roimh ról an Phríomhfheidhmeannaigh

Bhain mé céim amach san innealtóireacht shibhialta ó UCD sa bhliain 1991 agus táim ag obair in earnáil an rialtais áitiúil ó thosaigh mé amach go proifisiúnta, mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chill Mhantáin agus Liatroma araon go dtí le déanaí, agus mar Stiúrthóir Seirbhísí le Comhairle Contae Phort Láirge roimhe sin. Tá MSc i gCosaint an Chomhshaoil curtha i gcrích agam chomh maith le MA sa Bhainistíocht Rialtais Áitiúil. Is Cóitseálaí cáilithe Gnó agus Feidhmiúcháin mé freisin le UCD Smurfit.

### Cén fáth a roghnaigh tú an tSeirbhís Phoiblí?

I Tá os cionn tríocha bliain caite agam san earnáil phoiblí agus sílim gur earnáil an-tairbheach í.

Tríd bheith ag obair le baill tofa, baill foirne agus geallsealbhóirí eile, bíonn Príomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil go mór chun cinn maidir lenár gcathracha agus ár gcontaetha a fhorbairt mar áiteanna atá níos fearr chun cónaí iontu, chun obair iontu, chun infheistiú iontu agus chun cuairt a thabhairt orthu. Faighim an-sásamh ar fad ó réitigh tithíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus ó phobail inbhuanaithe a fhorbairt.

Tugann go leor rudaí eile an-sásamh dom cosúil le bonneagar ar ardchaighdeán a sholáthar, bheith ag obair le pobal an ghnó agus an ríocht phoiblí a fheabhsú sna bailte imeallacha.

Gan dabht, is fostóirí ollmhóra iad na húdaráis áitiúla agus taitníonn sé liom i gcónaí a bheith ag cabhrú le baill foirne ag gach leibhéal iad féin a chur chun cinn go proifisiúnta.

Is ceannairí i ngníomhú ar son na haeráide iad na húdaráis áitiúla, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ach go háirithe, nuair a thagann sé go dtí rudaí cosúil leis an taisteal gníomhach, acmhainní a bhainistiú, aisfheistiú fuinnimh, bonneagar glas s.rl. Mothaíonn tú go bhfuil tú ag déanamh obair mhór ar son na sochaí.

Is eilimintí tábhachtacha de chuid an phoist seo iad forbairt na hEalaíona, an Spóirt, an Chultúir agus na Seirbhíse Leabharlainne a thugann a sásaimh féin duit.

Bainim taitneamh freisin as bheith ag obair le baill tofa ar mhaithe le pleananna agus polasaithe a fhorbairt cosúil le Plean Forbartha an Chontae. Tá Plean Forbartha an Chontae do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i gcéimeanna deiridh an phróisis ullmhúcháin. Tabharfaidh an plean seo treoir don fhorbairt sa Chontae faoi théamaí leathana, uileghabhálacha cosúil le Seasmhacht i leith na hAeráide, Comhfhorbairt Áite Maith agus Deiseanna Geilleagracha.

### Dúshláin na Seirbhíse Poiblí

OCeann de na dúshláin a bhaineann le bheith ag obair san earnáil phoiblí ná comhdhearcadh a chruthú agus ní féidir seo a dhéanamh ach trí chomhairliúchán poiblí. Feicimid cuid de na dúshláin seo inár scéimeanna maidir le taisteal gníomhach agus ríocht poiblí nuair a bhfuil orainn cinntí a ghlacadh faoin mbealach a roinnimid ár spás bóthair le coisithe, rothaithe agus tiománaithe agus muid ag bogadh i dtreo sciar módúil atá níos inbhuanaithe.

Tá dúshláin freisin maidir le bonneagar ollmhór a sholáthar toisc go mbaineann am suntasach lena thógáil agus is féidir leis dul faoi athbhreithniú breithiúnach ag gach stáitse.

Cinnte, tá go leor sásaimh le baint ó na tionscadail seo nuair a dhéantar iad a sheachadadh.

### Labhair linn faoi do ghnáthlá oibre

Ceann de na buntáistí a bhaineann le bheith mar Phríomhfheidhmeannach in Údarás Áitiúil ná nach ionann lá amháin agus lá eile. Tá an oiread sin éagsúlachta ann ó lá go lá. D'fhéadfadh cruinnithe teacht aníos lá ar bith le baill tofa, baill foirne, grúpaí pobail, infheisteoirí féideartha, gníomhaireachtaí rialtais, clubanna spóirt s.rl. Freisin, bíonn cinntí le glacadh maidir le hiarratais mhóra pleanála agus tús áite a thabhairt d'infheistíocht. Bíonn go leor cruinnithe oíche ann freisin a mbíonn an-taitneamh ag baint leo.



### Tosaíochtaí don Phríomhfheidhmeannach sna blianta amach romhainn?

Is iad na tosaíochtaí don Chontae sna blianta amach romhainn ná chun cur lenár soláthar tithí sóisialta, inacmhainne, cíos costais agus príobháideach de réir Phlean Forbartha an Chontae. Beidh sé mar thosaíocht chomh maith chun bonneagar riachtanach sóisialta a chur ar fáil don spórt. Beidh foirgnimh pobail, páirceanna ar ardchaighdeán agus spásanna oscailte mar thosaíocht freisin.

Beidh an gníomhú ar son na haeráide agus an bhithéagsúlacht mar chodanna lárnacha dár bpleananna maidir leis an taisteal gníomhach, an bonneagar glas agus an bainistiú fuinnimh.

Beidh sé mar aidhm mhór againn bonneagar ar ardchaighdeán a chur ar fáil chomh maith le cur le ríocht phoiblí ár mbailte agus sráidbhailte.

Anuas air sin beidh sé mar thosaíocht dúinn cur le forbairt gheilleagrach an chontae tríd úsáid a bhaint as molanna goir, bheith ag obair leis an earnáil tríú leibhéal, ceantair feabhsaithe gnó a thógáil, comhlachais tráchtála a bhunú agus bheith ag obair le heagraíochtaí turasóireachta.

> *Beidh an Soláthar tithíochta, gníomhú ar son na haeráide agus an bhithéagsúlacht mar chodanna lárnacha dár bpleananna maidir leis an taisteal gníomhach, an bonneagar glas agus an bainistiú fuinnimh.*

# Taisteal Gníomhach:
## Bonneagar Siúil & Rothaíochta

Gheobhaidh dlr €38 milliún ón NTA chun forbairt a dhéanamh ar thionscadail bhonneagair éagsúla timpeall an chontae le tionscadail cosúil le feabhsuithe a dhéanamh ar acomhail do rothaithe agus do choisithe, glasbhealaí a thógáil i bpáirceanna, feabhsuithe a dhéanamh ar ríocht phoiblí Limistéar an Chuain agus feabhsuithe rochtana ina measc. Féach thíos chun uasdátú a fháil ar thionscadail Reatha.



### Scéim Bóthar Ghleann na gCaorach Uachtarach (idir Timpealláin An Naigín agus Túir Chill Iníon Léinín)

Tar éis cur i láthair a thabhairt chuig na baill tofa de Choiste Ceantar Dhún Laoghaire (HEPI), thóg an Roinn Taisteal Gníomhaí comhairliúchán nach dtiteann faoi reacht faoin Scéim thuas agus lorg an Coiste aiseolas ón bpobal faoi na hathruithe molta, ina measc:

- Cumasc na háiseanna rothaíochta atá ann faoi láthair isteach in áis rothaíochta dhá threo ar an taobh thuaidh de Bhóthar Ghleann na gCaorach Uachtarach. Tá sé molta freisin chun an áis rothaíochta dhá threo a scaradh ó na lánaí feithicleacha.
- Tá an slioslána ó Bhóthar Ghleann na gCaorach Uachtarach ar aghaidh go dtí Bóthar Ghleann na gCaorach Íochtarach á bhaint agus tá áis rothaíochta dhá threo á cur ina áit. Thug na comhairimh tráchta go bhfuil an ghluaiseacht ag an acomhal seo ag méid íseal (1.65% de na feithiclí ag an acomhal seo) agus nach imreoidh baineadh an acomhail seo tionchar ar a thoilleadh. Tá an t-oileán tráchta atá ann á fheabhsú chun limistéar forthiomána a chur ar fail d'fheithiclí móra.
- Tá trasrian túcánach nua molta do Bhóthar Ghleann na gCaorach Íochtarach chun rogha sábháilte scartha amach a chur ar fail do choisithe agus do rothaithe.
- Tá acomhail taobh-bhóthair ar Bhóthar Ghleann na gCaorach Uachtarach á chúngú de réir mholtaí DMURS agus tá limistéir ghlasa sa bhreis á gcur ar fáil nuair is féidir.
- Tá trasrian túcánach nua molta ag Scoil Ráth an Dúin chun freastail ar pháistí scoile agus iad ag siúl agus ag rothaíocht chuig an scoil.

Fuarthas 202 aighneacht le 47% díobh i bhfábhar na n-athruithe, bhí 22% i bhfábhar ach bhí tráchtanna fágtha acu agus bhí 31% nár theastaigh uathu don scéim leanúint ar aghaidh. Tá níos mó eolais anseo: **dlrcoco.citizenspace.com/transportation/glenageary-road-upper-public-consultation/**

Tá an comhairliúchán seo curtha i gcrích agus tá sé i mbun tógála.

### dlr Connector

Dearadh an clár réamhdhearaidh chun bheith cuimsitheach, chun aiseolas tuisceanach a fháil ón bpobal áitiúil chun scéim feabhsúcháin níos oiriúnaí a chur i bhfeidhm sa ríocht phoiblí don siúl agus don rothaíocht. Mhair an comhairliúchán ó dheireadh na bliana 2021 go dtí tús na bliana 2022.

Fuair suirbhé réamhdhearaidh an tionscadail a cuireadh ar an bpobal 320 freagra idir Samhain 2021 agus Eanáir 2022 tríd an gréasán comhairliúcháin poiblí Citizenspace **dlrcoco.citizenspace.com**



**Bealach molta dlr Connector**

Ag tús mhí na Nollag 2021, ritheadh ceardlanna a dhírigh ar an aos óg i gcomhar leis na cláir Idirbhliana in Oatlands College agus Meánscoil St Raphaela's atá lonnaithe i Stigh Lorgan ag an mbealach atá molta. Ghlac os cionn 50 dalta páirt sa cheardlann leis an gcéatadán beagnach céanna de bhuachaillí agus cailíní.

Chuaigh an fhoireann tionscadail ag comhoibriú leis an Nascghrúpa Míchumais chun ceardlann a reáchtáil le tacadóirí míchumais ag roinnt a gcuid tuisceana luachmhar leo.

Tugadh cuireadh d'ionadaithe gnólachtaí atá ar an mbealach, ó ionadaithe do lárionaid siopadóireachta agus ionaid fhiontraíochta, páirt a ghlacadh i gceardlann chun a gcuid tuisceana agus tuairimí a bhailiú.

Go luath in Eanáir 2022, reáchtáladh ceardlann dheireanach leis na Comhairleoirí chun na tuairimí a fuaireamar ón bpobal a chur os a gcomhair agus chun a gcuid aiseolas agus tuairimí a fháil sula dtosaíonn céim réamhdhearaidh an tionscadail.

## Tionscadail ghníomhacha – uasdátú stádais

**AN CHÉIM TÓGÁLA**

- Bóthar Ghleann na gCaorach Uachtarach
- An Fharraige go dtí na Sléibhte
- Páirc go Páirc
- Sléibhte go dtí Miotail
- Páirc Dhroim Máirtín
- Páird Éidin

**NA CÉIMEANNA LUATHDHEARAIDH**

- Bóthar Bhaile na Lobhar
- Bóthar na Gráinsí agus Bóthar Bhaile an tSaoir
- Ceantar Bhaile na Lobhar-Baile Uí Ógáin

**AN CHÉIM RÉAMHDHEARAIDH**

- Dún Laoghaire Láir
- DLR Connector
- Glasbhealach Choill na Silíní go dtí An tSeanchill
- Bealach rothaíochta Gráinseach an Déin
- Bóthar Theach Naithí go dtí an N11
- Ascaill Bhaile an Róistigh



# Tabhair cuairt ar ár bhFiontraithe Áitiúla ag an dlr Pop Up Shop

Níl a fhios agat cad a d'fhéadfá a fháil sa dlr Pop Up Shop ar Shráid Sheoirse Uachtarach i nDún Laoghaire.

Má tá bronntanas neamhghnách á lorg agat, b'fhéidir éadaí uaschúrsáilte , nó b'fhéidir píosa seodra uathúil, buail isteach chuig an Pop Up an chéad uair eile nuair atá tú i nDún Laoghaire. Tá an siopa, atá á oibriú ag Aonad Forbartha Eacnamaíochta Dlr, ar cíos ar bhonn seachtainiúil d'fhiontraithe áitiúla éagsúla, ag díol earraí ó tháirgí áilleachta go healaín go ceirdeanna lámhdhéanta.

Ós rud é go n-athraíonn áititheoirí go rialta, tá sé de cheangal ort rud éigin nua a aimsiú gach uair a thugann tú cuairt air.

Tá an Pop Up lonnaithe in Aonad 213B, Ionad Siopadóireachta Dhún Laoghaire, Sráid Sheoirse Uachtarach, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. Is féidir leat tuilleadh eolas a fháil ag **dlrcoco.ie/en/business/pop-shop.**

Má tá suim agat spás a chur in áirithe sa siopa déan teagmháil linn ag **economicdev@dlrcoco.ie** nó 01-2047083.

# Caisleán Dheilginse MTaithí Staire de Mhaireachtáil sa Mheánaois



Tá Caisleán Dheilginse ag díriú ar chuairteoirí thar lear a fháil arís tar éis dhá bhliain. Ag tosú le fáilte mhór, cuirfear aíonna ar an eolas faoin bhfíric gurbh phort gnóthach í Deilginis sa cheathrú haois déag agus gur tógadh Caisleán Dheilginse chun lasta luachmhar a chosaint. I measc na dtailte tá Séipéal agus Reilig Naomh Begnet ón deichiú haois. Le hIonad Cuairteoirí agus Dánlann na Scríbhneoirí nua is eispéireas dochreidte a bhfuil gradaim éagsúla bainte amach aige é Caisleán agus Ionad Oidhreachta Dheilginse.

Cuireann aisteoirí faoi fheisteas ó Deilg Inis Living History Theatre Co. eispéireas ar siúl do chuairteoirí chun léargas a thabhairt dóibh ar an modh maireachtála a bhíodh ann ó na híoslaigh go dtí na forbhallaí. Léiríonn an Boghdóir a chumas boghdóireachta do chuairteoirí agus treoraíonn sé iad tríd an bpoll uafáis go dtí na forbhallaí agus na radharcanna iontacha. Roineann an Cócaire oidis meánaoiseacha— lena n-áirítear an béile is fearr léi, gé rósta.

Tá an Barber Surgeon ullmhaithe do gach rud agus scríobhann sé amach a chuid posóidí in ealaín ársa na peannagrafaíochta.

I nGailearaí na Scríbhneoirí tá 45 scríbhneoir agus ealaíontóir cruthaitheach clúiteach ó Joyce go Bono, agus Beckett go Maeve Binchy. Tá múnlaí scálaithe ag an Ionad Cuairteoirí, agus cur i láthair idirghníomhach suimiúil in 12 theanga.

Tagann an stair go dtí an saol in Ionad Oidhreachta Chaisleán Dheilginse. Oscailte ar feadh na bliana, 6 lá sa tseachtain. Dúnta ar an Máirt.

**dalkeycastle.com/about/booktickets**

# Eispéireas Sléibhe Bhaile Átha Cliath — Léarscáil Dhigiteach

Ó na sléibhte go dtí an fharraige, tá Baile Átha Cliath beannaithe le tírdhreach nádúrtha iontach. Caith lá ag dul gar don dúlra an Geimhreadh seo le raon leathan siúlóidí, siúlóidí cnoic nó turais atá oiriúnach don teaghlach ar fad. Tá an oiread sin le roghnú ar léarscáil idirghníomhach Eispéireas Sléibhe Bhaile Átha Cliath. **www.dlrtourism.ie/visit**

# Clár Cumas Bainistíochta FULL



Is tionscnamh forbartha eacnamaíoch faoi stiúir na Comhairle é an clár FULL do ghnólachtaí ar mian leo infheistíocht a dhéanamh chun scileanna bunúsacha a fhorbairt chun a ngnólachtaí a mhéadú. Tá trí cholún sa chlár seo; Tuiscint Airgeadais, Ceannaireacht agus Smaointeoireacht Lean atá riachtanach d'fhás fadtéarmach cuideachtaí.

Tá an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le gach ceann de na Cumainn Ghnó i dlr lena n-áirítear Ceantar Gnó Áth an Ghainimh agus Cumann Lucht Tráchtála dlr chun rannpháirtíocht ar an gclár FULL a spreagadh.

Díríonn gné na Tuisceana Airgeadais de FULL ar chabhrú le gnólachtaí a gcumais straitéiseacha airgeadais agus a gcinnteoireacht a neartú le haghaidh fáis amach anseo. Tá dhá chineál tacaíochta ann: meantóireacht fhadtéarmach ó shaineolaí airgeadais ar feadh uair an chloig sa tseachtain ar feadh suas le 6 mhí. Is éard atá sa tacaíocht eile ná aip nua darbh ainm Aip Tuisceana Airgeadais chun tús a chur le scileanna airgeadais riachtanacha a thógáil.

Is é an dara gné de FULL ná chun cumas gnólachtaí, daoine aonair agus baill foirne a fhorbairt chomh maith lena gcumas ceannaireachta, is cuma cén ról atá acu. Tá an Chomhairle tar éis dul i gcomhar le LIFT Ireland chun cabhrú le cuideachtaí áitiúla a gcultúr ceannaireachta a athrú ó bhonn trí chóras atá thar a bheith éifeachtach ó thaobh ama de agus cruthaithe go maith. Ba í Comhairle Contae DLR an chéad údarás áitiúil in Éirinn a bhí i gcomhpháirtíocht le LIFT (Ag Ceannaireacht ar Thodhchaí na hÉireann le Chéile).

Ní thógann sé ach 40 nóiméad sa tseachtain d'úinéirí gnó clár ceannaireachta LIFT a reáchtáil agus beidh tionchar dearfach láithreach aige. Tá níos mó ná 100 eagraíocht, agus 20,000 duine ar fud na hÉireann mar chuid de LIFT cheana féin. Tá gnólachtaí ar nós AIB, Goal, Covalen, Petra Property Management agus Enterprise Solutions tar éis éirí níos láidre mar eagraíochtaí trí LIFT. Deir Príomhfheidhmeannach Covalen Suzanne Dolan, 'bhí na torthaí dochreidte, lena n-áirítear caidrimh nua agus reatha a neartú, muinín a chothú laistigh dúinn féin agus an chuntasacht as ár bhforbairt agus fás aonair féin a luacháil'.

Is é an tríú píosa den Chlár FULL ná oiliúint bainistíochta gnó Lean. Is éard atá i gceist le Lean ná scileanna, buanna, acmhainní, próisis agus straitéis gnó a ailíniú le riachtanais a chustaiméirí. Nuair a aimsítear an t-ailíniú seo, is féidir le gnólacht a bheith éadrom agus solúbtha ionas gur féidir leo freagairt go tapa d'athruithe sa mhargadh agus inbhuanaitheacht a chinntiú. Cuirimid dhá chlár ar fáil do ghnólachtaí a bhfuil suim acu in Lean: tá Lean do Cheannairí do chuideachtaí a bhfuil níos mó ná 30 fostaí acu agus tá ceann eile, Lean for Micro a dhíríonn ar ghnólachtaí beaga meánmhéide.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin gclár FULL seol ríomhphost chuig **leo@dlrcoco.ie** nó tabhair cuairt ar **localenterprise.ie/dlr**





# Tithe sóisialta claochlaithe le huasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh

Tá Roinn Tithíochta dlr agus SSE Airtricity ag oibriú le chéile chun pobail agus tithe a chlaochlú mar chuid de leathadh amach fuinnimh iarfheistithe speisialaithe agus tá 53 tithe uasghrádaithe go dtí caighdeán iarfheistithe domhain go dtí seo.

Cinnteoidh an tionscadal seo ar dtús go mbeidh na caighdeáin is airde d'éifeachtúlacht fuinnimh le fáil i dtithe mhuintir Bhaile Uí Ógáin agus Stigh Lorgan agus ansin go mbeidh na caighdeáin seo le fáil i dtithe in áiteanna eile timpeall an chontae, rud a chuirfidh le caighdeán maireachtála na gcónaitheoirí.

Rinneadh na tithe seo a uasghrádú ón ngrád Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh (RFF) is ísle is féidir a fháil de G agus F go dtí caighdeán B2 – A2 RFF. I measc na mbeart san uasghrádú bhí fuinneoga agus doirse nua, grianphainéil, insliú seachtrach, soilse LED, insliú áiléir agus uasgráduithe maidir le rialú teasa.

Tá an tionscadal seo ag cur go mór leis an t-aistriú ísealcharbóin agus ag sábháil 600MWH sa bhliain; is ionann sin agus an t-ídiú bliantúil leictreachais a dhéanann 143 teach agus cuireann sé seo 143.1kw d'fhuinneamh inathnuaite dín ar fáil sa cheantar áitiúil.

Tá na hoibreacha iarfheistithe tar éis go leor airgead a shábháil dár dtionóntaí agus an t-eispéireas cónaithe ina dtithe a fheabhsú. Tá uisce te saor in aisce 365 lá sa bhliain i dtithe na cónaitheoirí a ghlac páirt sa scéim phíolótach.

Is údar mór bróid í an chomhpháirtíocht seo do dlr agus SSE Airtricity chun cur leis an éifeachtúlacht fuinnimh, compord agus an costas maireachtála i dtithe tionóntaí.

Tá an tionscadal seo mar chuid de Clár Náisiúnta an Rialtais arb é is aidhm dó trian den soláthar tithíochta a iarfheistiú go dtí grád B2 de RFF chun astaíochtaí carbóin a laghdú in Éirinn faoi 2030.



# Seachtain na mBan sa Spórt

## 7ú–13ú Márta

Is é Dé Luain an 8ú Márta Lá Idirnáisiúnta na mBan agus chun an ócáid a cheiliúradh cuirfidh Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire Seachtain na mBan sa Spórt chun cinn a rithfidh ón 7ú Márta go dtí an 13ú Márta. Tá go leor gníomhaíochtaí, eachtraí agus ceardlanna sceidealaithe againn agus ár gcomhpháirtí don tseachtain a dhéanfaidh ceiliúradh ar, agus a thabharfaidh tacaíocht do mhná inár gclubanna áitiúla agus timpeall an chontae.

Ag deireadh na bliana seo caite, d'eagraigh Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin Grúpa Oibre Mná sa Spórt chun rannpháirtíocht mná sa spórt a chur chun cinn agus chun tacaíocht a thabhairt do mhná sa spórt inár gContae. Teastaíonn uainn athrú cultúrtha a chur chun cinn maidir lenár ndearcadh i leith mhná sa spórt. Agus treoir á tabhairt dúinn ó Sport Ireland, teastaíonn uainn éiteas a chur chun cinn a thabharfaidh comhdheiseanna do mhná a gcumas iomlán a bhaint amach agus iad ag baint sult as páirt a ghlacadh sa spórt ar feadh a saoil.

Le béim leagtha ar cheithre théama an pholasaí Mná sa Spórt, is iad sin Cóitseáil agus Réiteoireacht, , Rannpháirtíocht Ghníomhach, Ceannaireacht agus Rialachas agus Feiceálacht, tá sé beartaithe againn cur leis an obair thábhachtach atá déanta sa réimse cheana féin agus an deis a thapú chun tionchar suntasach a imirt ar shaoil na mban trína rannpháirtíocht sa spórt.

Tuilleadh eolais: **dlrsportspartnership.ie**

## FÉILIRE: MNÁ SA SPÓRT

**7ú MÁRTA**
- Ióga ar líne do mhná
- Clár Siúil

**8ú MÁRTA**
- Maidin Chaifé do Mhná sa Spórt (Sport Ireland)
- Clár Ceannaireachta Leadóg Bhoird do Chailíní
- Ceardlann faoi chóitseáil déagóirí atá ina gcailíní

**9ú MÁRTA**
- Rang ar líne faoi neart agus cothromaíocht
- Mná ag snámh
- Women on Wednesday (Sport Ireland)

**10ú MÁRTA**
- Girls Get Going Get Rowing
- Cóitseáil agus Réiteoireacht (Sport Ireland)
- Cúrsa Cóitseála FAI Kickstart

**11ú MÁRTA**
- M-Power Mentoring (Sport Ireland)
- Ceannaireacht & Rialachas (Sport Ireland)

**12ú MÁRTA**
- Rith Páirce sna páirceanna áitiúla
- Ióga i bPáirc Chábán tSíle

**13ú MÁRTA**
- Ag déanamh ceiliúradh ar Spórt na mBan i gClub Leadóige agus Cróice Charraig Mhaighin

# Comhairle agus Leideanna maidir le Sábháilteacht san Uisce

## Bí Feasach faoin mBaol




### Sábháilteacht san Fharraige

Déan plean sula dtéann tú isteach san uisce. Déan cinnte go ndeireann tú le cara/clann leat cá háit a bhfuil tú ag dul agus an t-am a fhillfidh tú agus tóg fón luchtaithe leat.

Tá sé tábhachtach go caitheann tú gaireas snámhachta pearsanta nuair atá tú i ngiorracht nó ag dul isteach i ngach saghas uisce chun leithéid d'iascaireacht, scairdsciáil, sciáil uisce, seoltóireacht, gaothshurfáil nó clárchéaslóireacht a dhéanamh. Ba chóir go mbeadh an gaireas seo an méid ceart agusIt ba chóir go mbeadh tú ar an eolas conas é a úsáid.

### Snámh san Fharraige

Lean na leideanna seo i rith na míonna fuara:

- Dul isteach agus tú teo agus faigh amach ón uisce agus tú teo,
- Bí ag snámh le cara leat,
- Ná snámh amach rófhada san fharraige,
- Snámh comhthreomhar i gcónaí leis an gcladach,
- Ná fan rófhada san uisce go dtí go bhfuil tú clíomaithe agus bí ag snámh go rialta,
- Bí ag snámh sná láthair shnámha sonraithe,
- Caith caipín snámha gealdathannach,
- Tóg snámhán tarraingthe leat.

Déan cinnte go seiceálann tú an aimsir agus bí feasach faoi shruthanna cuilitheála sula dtéann tú isteach san uisce. Chun tuilleadh eolas a fháil breathnaigh ar **watersafety.ie**

### Seicliosta le tabhairt leat nuair atá tú ag snámh faoin aer

- Caipín sileacóin má tá tú ag snámh ar feadh na bliana, le caipín neoipréine sa bhreis má tá tú snámh fadraoin ar siúl agat i rith an gheimhridh.
- Tuáille tirim ionsúiteach.
- Plocóidí cluaise — go háirithe ó mhí Dheireadh Fómhair go Bealtaine.
- Snámhán tarraingthe, fiú nuair atá tú ag snámh gar don chladach agus go háirithe ag fánáin agus céanna.
- Mata seasta, go háirithe ó Dheireadh Fómhair go Bealtaine chun dul i ngleic leis an talamh fuar
- Agus tú ag dul isteach agus amach ón uisce.
- Gloiní snámha agus buidéal seampú linbh chun iad a rinseáil tar éis gach seisiún snámha. Cuireann sé seo cosc ar cheo agus méadaíonn sé infheictheacht.
- Fleascán teirmeach le deoch the tar éis duit teacht amach ón uisce.
- Caipín teirmeach le caitheamh a luaithe is a fhágann tú an fharraige chomh maith le headaí maithe teolaí.
- Buataisí nó stocaí.
- Lámhainní.



## Próifíl foirne dlr



**Simon Coate**
MÁISTIR AN CHUAIN

**Cad a bhíonn agat don bhricfeasta?**
Déanaim iarracht 10 gciliméadar a shiúil gach lá roimh an mbricfeasta agus bíonn babhla leite agam ansin.

**Cad a dhéanann tú?**
Táim mar Mháistir an Chuain le 31 bliain agus is iad na dualgais atá agam ná chun port sábháilte a choinneáil, chun a chinntiú go bhfuil aon dualgais reachtúla, rialála agus caomhnaithe á dhéanamh agam agus chun rátaí agus táillí a ghearradh nuair is infheidhme. Chomh maith leis sin, déanaim aon chásanna éigeandála sa phort a bhainistiú agus cuirim aon reachtaíocht ábhartha eile i bhfeidhm. Oibrím go dlúth leis an mBainisteoir Oibríochtaí agus le Foireann an chuain.

**Cad iad na caithimh aimsire atá agat?**
Ag siúil, ag garraíodóireacht, ag léamh agus bheith ag cabhrú le himeachtaí seoltóireachta.

**Cad é an gnáthlá oibre atá agat?**
Níl aon lá 'tipiciúil' ann mar sin — mar is gnách go mbíonn rud éigin difriúil ag tarlú gach lá. Mar sin féin, ba mhaith liom seiceáil laethúil a dhéanamh ar longa a d'fhéadfadh a bheith sa chuan agus iad siúd a bhféadfaí a bheith ag súil leo sa chuan. Is léir go bhfuil míonna an tsamhraidh níos gnóthaí ar an uisce mar reáchtálann na clubanna luamhaireachta agus na scoileanna seoltóireachta cúrsaí oiliúna agus rásaí laistigh den chuan ó am go ham — agus déantar monatóireacht orthu. Caitear méid áirithe ama ag déanamh seiceáil ar stóras agus líon na mbád sa chlós bád poiblí agus ar mhúrálacha a leithdháileadh laistigh den chuan.

**Cad í an ghné is deacra sa phost atá agat?**
Idirchaidreamh a chothú leis na húsáideoirí go léir agus iad a choinneáil sásta agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil siad go léir ag cloí leis na fógraí cuain do mharaithe agus leis na fodhlíthe ata leagtha amach.

**Cad í an ghné is tairbhí sa phost atá agat?**
Ag déanamh na hoibre thuas! Ar ndóigh, de réir mar a théann na blianta ar aghaidh, éiríonn sé níos éasca, go háirithe mar go bhfuil sé ar intinn ag gach duine atá páirteach ann timpeallacht shábháilte agus shona a dhéanamh de Chuan Dhún Laoghaire.

Is beag a cheap mé sna 70idí nuair a bhí mé ag freastal ar Choláiste Loingseoireachta na hÉireann ar an gCé Thiar, Scoil Náisiúnta Seoltóireachta na hÉireann anois, go mbeadh mé ag tosnú in 2022 ar m'aonú bliain is tríocha ag obair sa Chuan mór seo.

Chonaic mé roinnt imeachtaí móra cosúil le teacht Miki an Eilifint ó Shorcas Fossett i 2004 mar phaisinéir coise ar an HSS Stena Explorer agus i 1998 idircheap Na Gardaí agus an Scuad Buamaí carr ina raibh buama seiftithe istigh ann ag an gCuan.

**Cad é an áit is mó a thaitníonn leat cuairt a thabhairt air?**
Is maith liom cuairt a thabhairt ar mo chlann sa Ríocht Aontaithe.

# Rothair ionchuimsitheacha ar cíos saor in aisce feadh an chósta

Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire ag leanúint ar aghaidh lena gcomhoibriú le The Bike Hub agus Cycling Without Age chun scéim cíosa rothar saor in aisce a chur ar fáil in 2022. Tugann an scéim seo deis do shaoránaigh de gach cumas agus aois taitneamh a bhaint as bheith ag rothaíocht leo ar Bhealach Soghluaisteachta an Chósta i nDún Laoghaire. Lainseáladh an scéim seo i samhradh na bliana 2021.





Tá flít de rothair ionchuimsitheacha ann lena n-áirítear dhá thríseá troitheánchuidithe Cycling Without Age atá deartha chun duine nó beirt a iompar. Is féidir le daoine aosta nó daoine faoi luaineacht theoranta an deis a thapú chun dul ag rothaíocht ag luas réidh le cabhair ó phíolótaí deonacha ar Bhealach Soghluaisteachta an Chósta, beag beann ar an aimsir, chun radharcanna agus fuaimeanna an chósta a shú isteach.

Tá rothar tandaim, lámhrothar agus trírothach leictreach speisialaithe ar cíos do pháistí nó daoine fásta nach bhfuil compordach ag baint úsáid as gnáthrothair.

Tá na rothair ar cíos ó The Bike Hub atá lonnaithe ag Cuan Dhún Laoghaire, trasna ó shiopa an INRBT agus is féidir na trishaws nó na rothair ionchuimsitheacha a chur in áirithe trí **thebikehub.ie**

Beidh foireann The Bike Hub ar an láthair chun déileáil le haon cheisteanna atá agat agus chun taispeáint duit conas na rothair a úsáid.



# Ag Glaoch ar na Scoileanna Glasa ar fad

Tá an Roinn Feasachta Comhshaoil ag oibriú faoi láthair le scoileanna ar fud dlr chun athnuachan a dhéanamh ar na bratacha glasa agus go dtí seo, tá an-obair ar fad feicthe againn maidir le laghdú bruscair agus fuíll, caomhnú fuinnimh agus uisce, taisteal inbhuanaithe, bithéagsúlacht agus taisteal gníomhach.

Tugtar cuireadh d'aon scoil a theastaíonn uathu cur isteach don Bhrat Glas in 2022 teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle chun a gcuairt athnuachana a eagrú roimh 1 Aibreán, 2022.

Déanann foireann na Comhairle Contae dlr Clár na Scoileanna Glasa a stiúradh go háitiúil i gcomhar le An Taisce. Tá an clár deartha chun gníomhú uilescoile don chomhshaol a chur chun cinn agus a aithint. Tugann scoileanna faoi thionscadail fhadtéarmach a dhíríonn ar nithe áirithe a bhaineann leis an gcomhshaol cosúil le bainistíocht dramhaíola agus bruscair, fuinneamh, uisce, iompar inhuanaithe, bithéagsúlacht agus saoránacht dhomhanda.

# Fág Lorg Lapaí Amháin

Is clár faoi stiúir an phobail é Green Dog Walkers a chuireann úinéireacht fhreagrach madraí chun cinn go dearfach agus go neamhachrannach. Más úinéir madra thú a ghlanann suas i ndiaidh do pheata, glac an mhóid chun bheith i do Churadh Siúlóir Madra Glas. Seolfaimid málaí saor in aisce chun glanadh suas i ndiaidh do mhadra, dáileoir málaí agus tuilleadh eolais duit sa phost. Chun an mhóid a ghlacadh, téigh chuig **dlrcoco.ie** nó bí i dteagmháil le **info@dlrcoco.ie**




# 'Lock It or Lose It'
## Feachtas feasachta maidir le gadaíocht rothar




Tá feachtas feasachta faoi chosaint rothar lainseáilte ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, i gcomhar leis An Garda Síochána. Tá an feachtas seo dírithe ar an bpobal rothaíochta agus moltar dóibh glas maith a cheannach nuair atá rothar á cheannach acu. Moltar do rothaithe réamhcúraimí a ghlacadh chun a rothair a choimeád slán trína rothair a choimeád faoi ghlas ar an mbealach is sláine is féidir agus idir 10% agus 20% de phraghas iomlán an rothair a chaitheamh ar dhá ghlas chun é seo a chinntiú.

# Tá Leabharlann Shráidbhaile Stigh Lorga oscailte anois!



Tá ár mol-leabharlann, atá suite thuas staighre in Ionad Siopadóireachta Shráidbhaile Stigh Lorgan oscailte anois agus réimse de chroísheirbhísí ar fáil inti. Is féidir linn cabhrú le leabhair agus DVDanna, priontáil, rochtain ar ríomhairí, Taibléid Acorn a chur ar iasacht, Pacáistí Fuinnimh Baile, spás staidéir agus i bhfad níos mó. Le do thoil déan teagmháil leis an bhfoireann ar 01 2889655 nó trí ríomhphost a chur chuig **stillorganlib@dlrcoc.ie** chun tuilleadh eolas a fháil.

Is réiteach sealadach í an leabharlann seo chun seirbhís leabharlainne a chur ar fáil agus muid ag fanacht ar thógáil leabharlann nua. Is féidir leat léamh faoinár bpleananna anseo: **dlrcoco.ie/stlaurence**

## BUAIGH: Ticéid chuig **Féile Longitude**

Táimid ag tabhairt ceithre thicéad uainn chuig an bhféile Longitude, a bhfuiltear ag súil go mór leis, ó 1-3 Iúil 2022.

I measc na gceoltóirí i mbliana beidh Denise Chaila, Digga D, Doja Cat, Jack Harlow agus níos mó.

Ní ga duit ach síniú cuas don dlr Times chun na ticéid a bhuachan. Dúnann an comórtas **dlrcoco.ie/LongitudeComp** ag 5 i.n Dé Luain 2 Bealtaine.

Roghnófar an buaiteoir ar 3 Bealtaine agus cuirfear seo in iúl dóibh trí ríomhphost.

# Dreamer's Space

## Corrina Askin


**7 Feabhra – 30 Aibreán 2022: Leibhéal 4 LexIcon dlr**

DIs sraith d'idirghníomhaíochtaí beaga a mhúsclaíonn smaointí agus suaimhneas é Dreamer's Space. Cónaíonn Corrina ag bun sléibhe Binn Uamha i mBéal Feirste. Is brae léi dul amach ag spaisteoireacht sa nádúr agus a bheith ag faire amach le haghaidh spiorad an dúlra. Thug dlr LexIcon, áit atá lán le leabhair agus smaointí ach áit chiúin, spreagadh di.

D'oibrigh Corinna le CBeebies, Channel 4 agus Bord Scannán na hÉireann agus is iomaí gradam atá buaite aici as ucht a cuid léaráidí.

**corrinaaskin.com**
Instagram: **corrinaaskin**

Á chistiú le tacaíocht ó Creative Ireland.





# Ealaín agus déantáin de chuid Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

## Peter Pearson

**17 Feabhra – 30 Aibreán 2022**
**Leibhéal 3 LexIcon dlr**

**Turais den taispeántas le Peter Pearson: Dé Céadaoin 2 Márta ag 11.00r.n agus Dé Sathairn 12 Márta ag 3.00i.n.**

**Caint á thabhairt ag Peter Pearson: De Céadaoin 23 Márta ag 7.00i.n. sa Studio Theatre**

**Ní mór áit a chur in áirithe ar Eventbrite do na turais agus don chaint.**

Tá clú ar Peter Pearson mar dhuine paiseanta ar son oidhreacht ailtireachta na hÉireann a chaomhnú chomh maith le bheith ina staraí agus ina phéintéir a bhfuil ardmheas ag daoine air. Is é an t-údar ar go leor foilseachán le *Dún Laoghaire/Kingstown* agus *Between the Mountains and the Sea* ina measc. Foilseofar a leabhar nua *The Granite Coast* (O'Brien Press) níos déanaí in 2022. Is ceiliúradh é an taispeántas seo ar a chuid oibre fairsinge.

# Taibléidí Acorn: teicneolaíocht inrochtana i do lámha



Táimid go léir ag braith i bhfad níos mó ar theicneolaíocht ar mhaithe le fanacht nasctha ó thús na paindéime. Ach is féidir leo siúd nach bhfuil rochtain acu ar ghléasanna teicneolaíochta nó nach bhfuil na scileanna acu chun úsáid a bhaint astu a mhothú fágtha amach ón tsochaí de réir a chéile. Tá súil ag an ngrúpa oibre maidir le cuimsiú digiteach go gcabhróidh an tionscadal taibléid ACORN an deighilt dhigiteach a shárú trí theicneolaíocht aoisbhaúil, so-úsáidte a chur ar fáil. Dearadh an taibléid ACORN chun díriú ar riachtanais an duine aosta agus is é an prionsabal atá taobh thiar den taibléid ná chun roghanna níos so-úsáidte a chur ar fáil dóibh siúd le beagán taithí ar ghléasanna cliste agus dóibh siúd nach bhfuil taithí ar bith acu orthu. Tá an leathanach baile soiléir agus éasca le leanúint. Is féidir le gach ball leabharlainne dlr taibléid ACORN a fháil ar iasacht. Téigh i dteagmháil le do bhrainse áitiúil dlr chun tuilleadh eolas a fháil faoin scéim iasachta seo.



# Téigh i mbun na ceardaíochta le Leabharlanna dlr!

Leanfaidh an tsraith d'imeachtaí ceirdbhunaithe atá again do pháistí agus do dhaoine fásta ar aghaidh go dtí lár mhí an Mhárta agus tá spásanna fós ar fáil i gcuid de na ceardlanna.

Breathnaigh ar **events.dlrcoco.ie/event/get-crafty-dlr-libraries** chun tuilleadh eolas a fháil

# Seachtain na Gaeilge

**1 – 17 Márta 2022**

Bí páirteach le leabharlanna dlr chun iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí úsáid a bhaint as ár dteanga álainn náisiúnta. Bígí linn! Beidh imeachtaí ar líne agus i bpearsa á reáchtáil againn le seisiúin scéalaíochta ó fhoireann na leabharlainne ina measc. Beidh na himeachtaí seo i measc an chláir:



## Óga Yoga

**Déardaoin 10 Márta**

Freisin, beidh ióga trí Ghaeilge againn do dhaoine fásta ar 10 Márta.




## DIY Gaeilge

**Dé Céadaoin 16 Márta, 7.00i.n.**

Bí leis An t-údar agus an t-iriseoir, Úna-Minh Caomhánach do chur i láthair faisnéiseach uair an chloig a dhíreoidh ar an t-iliomad acmhainní Gaeilge atá saor in aisce ar líne a chabhróidh leat tús a chur le d'aistear chun an Ghaeilge a fhoghlaim. Breathnaigh ar **libraries.dlrcoco.ie/home** chun tuilleadh eolas a fháil ar na himeachtaí seo chomh maith le himeachtaí inmheánacha agus ar líne.

# Ná caill an deis chun freastail ar ár n-imeachtaí i bpearsa nó ár n-imeachtaí fíorúla:

- Lean muid ar Eventbrite chun teachtaireacht a fháil cibé am a dhéanaimid imeacht nua a postáil: **eventbrite.ie/o/dlr-libraries-8271535259**
- Coinnigh súil ar fhéilire na n-imeachtaí ar ár suíomh gréasáin: **libraries.dlrcoco.ie/events-and-news/event-calendar**
- Cláraigh ag an nasc thíos le haghaidh ár nuachtbhileog, atá lán le nuacht agus imeachtaí: **libraries.dlrcoco.ie/events-and-news/dlr-libraries-ebulletin**
- **Lean muid ar Facebook, Twitter, Instagram agus TikTok**




# Taispeántas Stirring Memories

**23 Feabhra – 30 Aibreán: Leibhéal 3, LexIcon dlr**

Conas a raibh cúrsaí an tsaoil i mbuirg Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i gcaitheamh na mblianta? Chuir an scéalaí, Helena Byrne, an cheist seo ar roinnt baill dár n-ionaid chúraim lae áitiúla. Bain sult as na cuimhní spreagúla seo de thurais chuig na Folcadáin ar laethanta grianmhara, de shiopadóireacht sna siopaí áitiúla a raibh an-chion ag daoine orthu cosúil le Lee's agus Liptons, agus ag gléasadh suas chun oíche Shathairn a chaitheamh sa Top Hat. Le taifeadtaí fuaime agus agallaimh scríofa, is cinnte go mbeidh an taispeántas seo croíúil do gach duine. Tacaíonn Clár Creative Ireland.

**CAD ATÁ AR SIÚL IN AIBREÁN?**

# One Dublin, One Book


UNA O'CONNOR

Is togra bliantúil é One Dublin, One Book ó Dublin City Libraries, atá sé mar aidhm aige gach duine i mBaile Átha Cliath a spreagadh chun leabhar faoi leith atá cengailte lenár bpríomhchathair a léamh i rith mhí Aibreáin. Is é *Nora: A Love Story of Nora Barnacle and James Joyce* le Nuala O'Connor an leabhar atá roghnaithe d'Aibreán 2022. Ba mhaith linn an méid club leabhar agus is féidir linn a fháil tabhairt faoin leabhar seo a léamh i rith mhí Aibreáin. Más spéis leat roinnt cóipeanna de *Nora* a fháil do do ghrúpa léitheoireachta laistigh de DLR, seol ríomhphost chuig librarybib@dlrcoco.ie. Beidh imeacht beo ar Zoom á reáchtáil againn leis an údar Nuala O'Connor agus í i mbun chomhrá le file cónaithe Jessica Traynor ar an Aoine 8 Aibreán ag 1:00 i.n.

Coinnigh súil ar shuíomh oifigiúil One Dublin, One Book le haghaidh tuilleadh imeachtaí trasna na príomhchathrach i rith mhí Aibreáin. **onedublinonebook.ie**

# Spring into Storytime

Léim isteach sa scéalaíocht le leabharlanna dlr i rith mhí Aibreáin, áit a bheimid ag reáchtáil seisiún scéalaíochta agus ceardaíochta i bpearsa agus ar líne araon! Is é Spring into Storytime ceann de na 4 príomhsnáithe sa chlár náisiúnta Right to Read, atá sé mar aidhm aige an léitheoireacht agus acmhainní liteartha do dhaoine de gach aois a chur chun cinn le béim faoi leith ar fhorbairt léitheoireachta do pháistí trí sheisiúin scéalaíochta. Coinnigh súil ar ár suíomh gréasáin agus ár meáin shóisialta chun tuilleadh Eolas a fháil.



**GAILEARAÍ NA CATHRACH | LEXICON dlr**

# On Steady Ground/ Unsteady Ground

**Ar siúl go dtí Dé Domhnaigh 13ú Márta 2022**
**Cead isteach saor in aisce.**

Taispeántas comhoibríoch leis na healaíontóirí Cora Cummins agus Saoirse Higgins. Bhronn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin Coimisiún Amharc-Ealaíne arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíona ar Cummins agus Higgins.

Le hobair nua eitseála, físe, grianghrafadóireachta agus dealbhóireachta, nascann an taispeántas na suimeanna comhthreomhara taighde de chuid na n-ealaíontóirí i réimsí cosúil leis an t-athrú tírdhreacha agus an t-athrú chomhshaoil leis an machnamh a dhéantar ar chailliúint na ngnéithe a raibh cuma bhuan orthu. Tá cónaí ar an mbeirt ealaíontóirí i gceantar Dhún Laoghaire agus tugann an tírdhreach agus an stair áitiúil spreagadh dóibh. Cruthaíodh cuid den obair ar Inse Orc.

# Home Place

## Taispeántas oibre nua le Gerry Blake

**25 Márta – 3 Meitheamh 2022 (dúnta ar laethanta saoire bainc)**
**Cead isteach saor in aisce**


GERRY BLAKE

**Dave, Co.Cill Mhantáin, 2022**

Is áit a bhaineann le suaimhneas agus gean é an teach. Faoi láthair áfach, is deacair atá sé teach a dhéanamh ná aon uair eile leis na blianta beaga anuas. Tá ganntanais tithíochta ann go forleathan timpeall an domhain forbartha agus tá an fhadhb seo le braith go géar in Éirinn. Cé go bhfuil géarghá le lóistín cuí, is iomaí teach folamh, tréighte atá le feiceáil sna bailte agus sna cathracha timpeall na tíre.

Tá 3 bliana caite ag an t-ealaíontóir grianghrafadóireachta Gerry Blake ag dul isteach sna tithe tréighte timpeall na hÉireann i gcontaetha cosúil le Muineachán, An Cabhán, Baile Átha Cliath, Cill Mhantáin, Sligeach, Corcaigh agus Ciarraí.  Bhuail sé le daoine atá ina gcónaí i bhfoirmeacha éagsúla lóistín, ó theachíní agus árasáin go dtí tithe báid agus busanna athchóirithe agus é ar na haistir seo. Cuirtear an cheist, cén fáth a bhfuil daoine ag streachailt chun teach a chruthú dóibh féin i dtír atá lán le tithe folmha.

**dlrcoco.ie/en/municipal-gallery-dlr-lexicon/home-place-exhibition-new-work-gerry-blake**

# HELIGO

## Ceolchoirm na gCeoltóirí Cónaithe

**28ú Aibreán ag 7i.n. Stiúideo LexIcon dlrdlr LexIcon Studio.**
**Ticéid: €5**



Tá an bheirt il-ionstraimithe, Ruth O'Mahony-Brady agus Mary Barnecutt tar éis teacht le chéile chun Heligo a fhoirmiú. Is Heligo ann ná sintéis cheoil de théada, piano, leictreonaic agus comhcheol ó bhéal. Beidh siad ag casadh rogha d'amhráin a chruthaigh siad le linn a dtréimhse cónaithe i Stiúideo Lexicon DLR i Lúnasa/Meán Fómhair 2021.

**dlrcoco.ie/en/music/musician-residence-ruth-omahony-brady**

# Déanann **do** Chomhairleoirí **dlr** ionadaíocht ortsa

## DÚN DROMA

AN CLR. **SHAY BRENNAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 829 0570
**RÍOMHPHOST:** sbrennan@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **ANNE COLGAN** NSP
30 Plásóg na Fuinseoige,
Bóthar Bhaile an tSaoir
**FÓN PÓCA:** 087 245 4202
**RÍOMHPHOST:** acolgan@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **DANIEL DUNNE** CG
126 Páirc na Cluana,
Baile an Teampaill
**FÓN PÓCA:** 087 115 4468
**RÍOMHPHOST:** ddunne@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **ANNA GRAINGER** FG
18 An Tobar Naofa,
Bóthar Chill Mochuda Uachtarach
**FÓN PÓCA:** 087 282 5511
**RÍOMHPHOST:** agrainger@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **SEAN McLOUGHLIN** NSP
49A Céide an Átha Leathain,
Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16
**FÓN PÓCA:** 087 741 1638
**RÍOMHPHOST:** smcloughlin@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **PETER O'BRIEN** LO
23 Plásóga Cluain Ard,
Dún Droma, D16 KT53
**FÓN PÓCA:** 086 461 1638
**RÍOMHPHOST:** pobrien@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **JIM O'LEARY** FG
48 Gleann na Páirce,
Bóthar Áth an Ghainimh,Dún Droma
**FÓN PÓCA:** 086 818 6732
**RÍOMHPHOST:** joleary@cllr.dlrcoco.ie

## STIGH LORGAN

An CLR **DEIRDRE DONNELLY** NSP
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 461 1625
**RÍOMHPHOST:** ddonnelly@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MAEVE O'CONNELL** FG
79 Céide Shliabh Rua,
Cill Mochuda, Co. Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 086-8516936
**RÍOMHPHOST:** moconnell@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **EVA ELIZABETH DOWLING** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 141 5641
**RÍOMHPHOST:** edowling@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **BARRY SAUL** FG
3 Bóthar Mather Thuaidh,
Cnoc Mhuirfean
**FÓN PÓCA:** 086 781 4517
**RÍOMHPHOST:** bsaul@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **JOHN KENNEDY** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 772 0794
**RÍOMHPHOST:** jkennedy@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **DÓNAL SMITH** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 193 6483
**RÍOMHPHOST:** dsmith@cllr.dlrcoco.ie

## AN CHARRAIG DHUBH

AN CLR **MARIE BAKER** FG
38 Plásóg Avondale,
An Charraig Dhubh
**FÓN PÓCA:** 086 818 6704
**RÍOMHPHOST:** mbaker@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MAURICE DOCKRELL** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**RÍOMHPHOST:** mdockrell@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **KATE FEENEY** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 461 1627
**RÍOMHPHOST:** kfeeney@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **SÉAFRA Ó FAOLÁIN** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 908 1058
**RÍOMHPHOST:** sofaolain@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MARY HANAFIN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 085 120 2121
**RÍOMHPHOST:** mhanafin@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MARTHA FANNING** LO
23 Bóthar an Chlochair,
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 0872041559
**RÍOMHPHOST:** mfanning@cllr.dlrcoco.ie




## DÚN LAOGHAIRE

An CLR **MELISA HALPIN** PSB
f/ch 13 Sráid Sheoirse Íochtarach,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 380 5793
**RÍOMHPHOST:** mhalpin@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MARY FAYNE** FG
Cúl Méine, Bóthar Chuas an Ghainimh, Cuas an Ghainimh, Co. Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 086 461 1626
**RÍOMHPHOST:** mfayne@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **JUSTIN MOYLAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 313 8815
**RÍOMHPHOST:** jmoylan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LORRAINE HALL** FG
71 Ascaill Roseland,
Cualanor, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 790 5555
**RÍOMHPHOST:** lhall@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **JULIET O'CONNELL** LO
59 Sráid Sheoirse Uachtarach,
Dún Laoghaire
AN LEAS-CHATHAOIRLEACH
**FÓN PÓCA:** 087 270 7745
**RÍOMHPHOST:** joconnell@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **TOM KIVLEHAN** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 373 2518
**RÍOMHPHOST:** tkivlehan@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **DAVE QUINN** DS
20 Ardán an Longfoirt
Baile na Manach
**FÓN PÓCA:** 087 247 3448
**RÍOMHPHOST:** dquinn@cllr.dlrcoco.ie

## CILL INÍON LÉINÍN-SEANCHILL

An CLR **FRANK MCNAMARA** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 104 3210
**RÍOMHPHOST:** fmcnamara@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MICHAEL CLARK** FF
Oifig Fhianna Fáil,
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 109 4032
**RÍOMHPHOST:** mclark@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DENIS O'CALLAGHAN** LO
49 Páirc Ráth Salach,Seanchill
**FÓN PÓCA:** 086 278 5609
**RÍOMHPHOST:** denisoc@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **JIM GILDEA** FG
Mullach na Sí,
Bóthar Bhré, Seanchill
**FÓN PÓCA:** 086 813 1456
**RÍOMHPHOST:** jgildea@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **UNA POWER** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 386 1048
**RÍOMHPHOST:** unapower@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **HUGH LEWIS** IND
179 Páirc Phlásóg na Fuinseoige,
An Baile Breac
**FÓN PÓCA:** 086 781 4523
**RÍOMHPHOST:** hlewis@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR. **CARRIE SMYTH** LO
Inislachan, Bóthar Ghort na Mara, Cill Iníon Léinín
**FÓN PÓCA:** 086 383 5051
**RÍOMHPHOST:** carriesmyth@cllr.dlrcoco.ie

## GLEANN CUILINN-ÁTH AN GHAINIMH

An CLR **KAZI AHMED** FG
Cnoc na Spideoige,
Bóthar Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 031 3448
**RÍOMHPHOST:** kahmed@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **EMMA BLAIN** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 715 2786
**RÍOMHPHOST:** eblain@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MICHAEL FLEMING** NSP
6 Lána na Céime,
Sráidbhaile na Céime
**FÓN PÓCA:** 086 020 1665
**RÍOMHPHOST:** mfleming@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LETTIE McCARTHY** LO
AN CATHAOIRLEACH
23 Arda Chill Ghobáin,
An Chéim
**FÓN PÓCA:** 086 818 6718
**RÍOMHPHOST:** lmccarthy@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **TOM MURPHY** FF
Tree Tops, Barr na Coille,
Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 781 4515
**RÍOMHPHOST:** tmurphy@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **PATRICIA KINSELLA** NSP
5 Bót-har Dhroichead Bhaile an Mhuilinn
Baile Átha Cliath 14
**FÓN PÓCA:** 086 461 1634
**RÍOMHPHOST:** pkinsella@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **OISÍN O'CONNOR** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 606 5648
**RÍOMHPHOST:** ooconnor@cllr.dlrcoco.ie